Cluiche Peile

Tasc A

Rólimirt

Smaoinigh ort féin agus ar do chara ag deireadh cluiche peile a d'imir sibh beirt ar dhá fhoireann dhifriúla i gcoinne a chéile. Déan socrú ar an fhoireann a bhuaigh agus ar an fhoireann a chaill. Más maith, is féidir seal a ghlacadh ag déanamh an dá rud. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cén t-ainm atá ar fhoireann s'agatsa?**
2. **Déan cur síos ar an chulaith a chaitheann sibh. An dtaitníonn na dathanna leat? Cén fáth?**
3. **Cad é do mheas ar an chluiche inniu?**
4. **Cá mhéad cúl agus cúilín a fuair d'fhoireann féin?**
5. **Cé hí nó cé hé imreoir an chluiche, do bharúil? Cén fáth?**
6. **An dtiocfadh leat imirt níos fearr inniu nó ar chuir tú do sheacht ndícheall isteach sa chluiche?**
7. **Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le spórt a imirt – an mothaíonn tú níos fearr i d'aigne i ndiaidh duit imirt. An gcuidíonn sé leat fócas níos fearr a bheith agat ar scoil?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Imreoir an chluiche
- Ag rith ar nós na gaoithe
- Imreoir amháin
- Na himreoirí uilig
- Ainm na foirne
- Buaiteoirí
- Chaill muid an cluiche.
- Bhain muid an cluiche.
- D'imir muid i gcoinne ...
- Ag imirt sacair
- Ag imirt peil Ghaelach
- Fliuch báite
- Fliuch go craiceann
- Ag cur allais
- Salach
- Bhí díomá orm./Bhí áthas orm.
- Bhí mé ar mhuin na muice.
- Bhí mé in ísle brí.

Seanfhocail

Aigne shlán i gcorp folláin

Samhail

Chomh folláin le breac

© CCEA 2022

Cluiche Peile

Tasc B

1. Déan cur síos ar an fhoireann spóirt is fearr leat – sa pheil, sa chamógaíocht, san iománaíocht nó cibé spórt eile. Bí cinnte go luann tú na rudaí seo a leanas:
   1. Ainm na foirne.
   2. Cur síos ar chulaith s'acu – dathanna, éadaí srl.
   3. Ainm nó ainmneacha imreoirí ar leith, m.sh. captaen na foirne.
   4. Déan tagairt d'ainm an spóirt agus déan cur síos gairid ar an bhealach a n-imrítear an spórt.
   5. Luaigh trealamh ar bith atá de dhíth leis an spórt seo a imirt.

2. Tarraing léaráidí/pictiúir den spórt is ansa leat. Cuimhnigh ar na rudaí seo a leanas.
   1. Ainm an spóirt
   2. Culaith na foirne
   3. Trealamh an spóirt
   4. Mana na foirne
   5. Imreoirí clúiteacha ar bith

   Ba mhaith leat eolas a roinnt le daoine eile agus tuiscint a thabhairt do dhaoine eile faoin spórt seo. Bí cinnte go bhfuil na léaráidí soiléir le lipéid chuí in aice leo ag míniú na rudaí difriúla a bhaineann leis an spórt.

© CCEA 2022